Le go n-éireóidh le forbairt an oideachais agus na hoiliúna i gcomhar le forbairt na fostáiochta agus le laghdú na difhostaíochta agus na heisimirce, go háirithe eisimirce daoine ardoilte, tá sé riachtanach go dtuigfidh na húdaráis oideachais agus na húdaráis phorbartha a chéile, go mbeidh siad in ann comhoibriú le chéile agus go seachnófar aon

chontúirt go mbeidh siad amhrasach ar a chéile nó ag dul in iomafocht le chéile. Tá sé rí-thábhachtach, ar mhaithle forbairt agus le caomhnú na Gaeilge, go mbeidh an comhoibriú sin ann. Tá sé riachtanach freisin go dtuigfidh an t-údarás forbartha go bhfuil níos mó i gceist le caomhnú agus leathnú phobail Ghaeilge mar lóras Aithneach ná postanna a chur ar fáil. Má chlótoir le fostáiocht a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena chinntíú go mairfidh an teanga agus cloí leis an bpolasáil sin, is é an toradh a bheas air gur daoine as ceantar lóras Aithneach ná as an nGaelacht nó daoine a tógadh le Gaeilge a bheas chun tosaigh in aon fhostáiocht a chruthófar. Níl aon amhras nach iad pobal na Gaeltachta is fearr a ghnóthfadhbh ar a leithéid de chur chuige.

Tá de bhuntáiste ag lóras Aithneach faoi láthair go bhfuil roinnt coisti gníomhacha sa phobal a chuireann mianaidhm an phobail go láidir os comhair na meáin

chumarsáide agus os comhair na n-údarás a bhfuil siad ag iarráidh tacafócta uathu. Tá sé tábhachtach go n-oibreóidh pobail le chéile lena chinntíú go dtiocfaidh na hacmhainní cuí i dtreo an phobail sin a chuirfeas ar a gcumas a mhianaidhm a bhaint amach.

Deirtear linn faoi láthair nach ganntanas airgid atá sa tír ach ganntanas smaointe maithe le húsáid cheart agus mhaith a bhaint as an airgead sin. Mar sin, nár bhéaré an rud go n-éireódh le híorrás Aithneach sa gcéad mhílaois eile a bheith ina cheannródaí tuaithe i dticneolaíochta na fairsing agus i gcúrsaí cumarsáide, i dteannta le bheith ina ionad tarraingteach turasóireachta do Ghaeilgeoirí na tire seo agus dóibh siúd ar fud an domhain gur mian leo cur lena gcumas Gaeilge agus lena gcumas léinn trí mheán na Gaeilge.

Peadar Mac an Iomaire,  
Stiúrthóir Áras na hOllscoile,  
Carna

# Tígh Mhóráin

## Teach Ósta

• Peter & Jane Fitzpatrick •

Cárna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Teileafón: (095) 32570/32763

Off Licence - Bia, Deoch, Ceol & Craic.

Seolann muid beannachtaí na Nollaig chuig an bpobal uilig.

# DEIRE RÉ AGUS TÚS RÉ I DTÍTHE ÓSTA CHARNA

- curtha i dtoll a chéile ag Roibeárd Ó hÉilí



Tígh Mhóráin, mar a bhiodh sé san aimsir a caitheadh.

Bhí Títhe Ósta Tígh Mhóráin agus Tígh Mheaic ina gcuid de shaol Charna agus de shaol an cheantair le breis agus céad bliain. D'athraigh an saol sin i 1999. Ní hiad muintir Mhéalóid agus muintir Uí Mhóráin atá i bhfeighil na dTíthe Ósta sin feasta. Ligeadh Beár agus Siopa Tígh Mhóráin amach ar léas i mbliana agus díoladh Tígh Mheaic. "An Seol Mór" a tugtar ar Tígh Mheaicanois.

Tugann muid léargas anseo ar an stair a bhain leis an dá ghnó seo i gCarna....agus ar an athrú saoilanois.



Tí Mheaic – mar a bhiodh.




Meaic agus Eileen Milne – an lá ar phós siad.




Deartháireacha – Meaic Mylotte ar chlé; John Mylotte ar dheis.



Faoi bhláth na hóige – Eileen Mylotte (Eileen Milne) agus a fearchéile, Meaic Mylotte agus iad beirt óg. B'shin iad tuismitheoirí Mháirtín, Éamoinn agus Shéaimín Mylotte.



In íochtar: Séamín Ó Mhealoid in éineacht le John Mannion as Rosmuc ar an stáitse Tigh Mheaic, an uair ar cuireadh fáilte abhaile roimh John, thíos dó troid in aghaidh Mike McCallum do Chruach Dornálaíochta an Domhain i 1984.




Eileen ag freastal sa mbeár.



Eileen Ó Sé agus John Mannion i gceannas Rosmuc ar an stáitse Tigh Mheicí, an uair ar cuireadh fáilte abhaile roimh John, théis dó troid in aghaidh Mike McCallum do Chraobh Dornúlaiochta an Domhain i 1984.



Úinéir nua an tigh ósta, Billy Lyons agus a intíon, Cathy i 1999. "An Seol Mór" a tugtar ar an Teach Óstaanois. Go n-éirí le muintir Ó Sé agus ann.



Séamín i mbarr a réime. Ní mhairfeadh an réim sin an-fluada, faraor. Bhásáigh Séamín agus gan é ach sna tríochaidí.



Gluin eile - Séamín Mheáic agus a bhean Eileen (Ní Mhainnín) nuair a bhí siad i bhfeighil an tigh ósta nua a bhí san áit a raibh an seán óstán. Tógaadh an pictiúr seo sna hochtóidí. Gasiúir Shéamín agus Eileen in éineacht leo - ó chlé: Aisling, Séamus agus Joe Joe.



Badóir - Meaic Mylotte i gCinn Mhara, níos deireannaigh ina shaol.

**Mylotte—Milne** — The wedding took place at St. Joseph's Church, Ballinafad, Co. Galway, on Wednesday, of Mr. Martin Mylotte, eldest son of Mrs. and the late Mr. Martin Mylotte, Carna, Connemara; and Miss Eileen Milne, second daughter of Mr. and Mrs. J. Milne, Toomboola, Connemara.

The ceremony, with Nuptial Mass and Papal Blessing, was celebrated by Very Rev. C. Canon Cunningham, F.P., V.F., Clifden, assisted by Very Rev. M. D. Corcoran, P.P., Carna; Rev. E. McEllin, C.C., Cásleól, Connemara; Rev. R. Horan, C.C., Ballinafad, and Rev. M. Walsh, C.C., Roundstone.

The bride wore a turquoise blue woollen frock with black pointed fox fur and black accessories with an ostrich feather halo with tulle veil and carried a spray of pink carnations. The bridesmaid was Miss Nora Mylotte, sister of the bridegroom. She wore a rust suit with hat to match and black accessories and carried a spray of pink carnations. Mr. John Mylotte, brother of the bridegroom, was best man.

A reception was given by Mrs. Milne at Glendalough House Hotel, Recess, Connemara, home of the bridegroom's aunts, the Misses Agnes and Monica Mongan. Going away the bride wore a light brown tweed suit with mustard accessories.

The bridegroom is a nephew of Mr. Joseph W. Mongan, T.D.

# TÍGH MHÓRÁIN - 113 bliain i gCarna

Tháinig Bridget Ó Néill as Rinn Mhaole go Carna in 1887. Sise a d'oscaíl an siopa san áit a bhfuil Tígh Mhóráin anois. Chas sí le Martin Moran, fear óg as Paradise i gContae an Chláir, a bhí ag obair do Martin Brennan, Siopadóir Éadaigh i nGaillimh. Phós Martin Moran agus Bridget Ó Néill in 1895.

Mac leo siúd – Michael - a bhí i bhfeighil an ghnó ina dhiaidh sin. Phós seisean Nóra Ní Laoghaire as Ros a' Mhíl, i 1933.


Mac leo siúd, an Comhairleoir Contae Mícheál Ó Móráin agus a bhean Margaret, a bhí i bhfeighil an ghnó ina dhiaidh sin.

Bhásaigh Martin Moran i 1959. Bhásaigh Michael Moran i 1961 agus bhí a bhean siúd, Nóra Ní Laoghaire básaithe roimhe sin (1957). Bhásaigh an Comhairleoir Contae, Mícheál Ó Móráin i 1993.


Seo cúpla pictiúr a bhaineann le Tígh Mhóráin.....



Bridget Ó Néill agus Martin Moran, a phós in 1895.



Frank Moran, (ar dheis sa bpictiúr seo) as Cathair na Mart, an fear a bhfuil léas aige ar siopa Tígh Mhóráin i gCarna anois. Sin é a mhac, Déaglán, i lár báire. Sé Martin Connolly, atá ina Bhainisteoir ar fhoireann pheile faoi-10 Chathair na Mart, an fear ar chlé.



Trí ghluáin – (ó chlé): Michael Moran, a athair Martin Moran agus Mícheál Ó Móráin (an Comhairleoir Contae ina dhiaidh sin).



*Michael Moran agus Nuala Ni Laoghaire, a phós i 1933.*



Máirín Úi Chualáin i Siopa Tigh Mhóráin.



Ó chlé – Máirín Úi Chualáin, atá i bhfeighil an tsíopa Tigh Mhóráin anois; Micheál (Seosamh Ó Cualáin) as Ros na Rún agus Máire Ni Oibicín, a bhíodh ag obair sa mBéal Tigh Mhóráin.

# TIONSCAIL AG FÁS AR AN bhFARRAIGE

*Chúig bhliana fíchead go ham seo a cuireadh bonn faoi thionscail na Feilméireachta Bradán in lóras Aithneach.*

*Caitheann Máirtín Ó Catháin súil ar dhá thionscail seirbhísé atá tagtha chun cinn de bharr na forbartha ar an bhfarraige.*

*Tá príomh oifigí an dá thionscail seo i gCill Chiaráin.*

## As Cill Chiaráin go Páras

le Máirtín Ó Catháin

I 1985 a bunaíodh comhlucht I.S.P.G. Teo. i gCill Chiaráin. Comhluchtaí feilméireachta bradán a tháinig le chéile - le cabhair ó Údarás na Gaeltachta leis an tseirbhís mhargaíochta seo a thosnú. Díoltar 70% de bhradáin feilme na hÉireann as Cill Chiaráin anois - sin 15,000 tonna.

Is fiú breis agus dhá scór milliún punt an méid sin éisc. Fáigheann I.S.P.G. margáí do chomhluchtaí feilméireachta bradán ar chósta an iarthair uilig. Tá Fanad i dTír Chonaill istigh leo agus tá siad ag obair do chomhlachtaí chomh fada ó dheas le Baile Chaisleán

Béara i gCorcaigh.

Is dóigh go dtéann thart ar an tríú cuid de na bradáin amach as Cill Chiaráin anseo," a deir Joe Ó Sé, Bainisteoir I.S.P.G. "Téann an chuid eile amach as na hionaid éagsúla suas agus anuas le cósta an iarthair."

Is féidir idirdhealú a dhéanamh ar an díolachán i dtrí rannóg, a deir Joe Ó Sé.

1/3 - margadh na hÉireann,  
1/3 - An Fhraing  
1/3 - An Eilbhéis, Sasana,  
Áiteacha eile san Eorap, an tSeapáin agus na Stáit Aontaithe.  
Tá 12 ag obair go buan agus 2 páirt-aimseartha in I.S.P.G.

D'oscail an comhlucht Oifig nua i bPáras i mbliana. Beidh duine amháin ansin ag obair go buan agus duine páirt-aimseartha freisin.

"Díolann muid 35% de na táirgí atá againn san bhFrainc," a deir Joe Ó Sé. "Creideann muid go bhfuil sé rí-thábhachtach anois go mbeadh ionad againn i láir an aonaigh."

Deir Joe Ó Sé gur mí-bhuntáiste é, ó thaobh Chill Chiaráin de, nach dtagann daoine a bheadh ag ceannacht éisc an bealach sin. "Ach aríst ar ais, tá buntáistí ag Cill Chiaráin mar ionad margáiochta," a deir Joe Ó Sé. "Tá foireann againn atá diograsach agus a thuigeann an tionscal agus tábhacht an tionscail," ó thaobh an phobail de.

Cill Chiaráin i gConamara. Gar don deich a chlog oíche dhórcha Shamhna. Leagan Risteárd Mac Donnchadha uaidh an teileafón póca. "Tá ceann de na leoraithe ag dul i dtír in Ostende anois - tá ceann eile ar an mbád a shroichfidh Cherbourg faoi cheann uair go leith an chloig." Beidh scíth ag an teileafón póca go ceann scattheamh ach, ní shin le rá go ndúnfar an teileafón. "Ní fios cé'n uair, de ló nó d'oíche, a mbeidh duine éicint ag iarraidh labhairt leat." Tá dualgaisí móra ar chomhlucht Transmara Teoranta anois. Siad a thugann go leor de tháigí mara chósta an iarthair uilig - ó Cheann Mhálinne go Carn Uí Néid-chomh fada le margáil na hÉireann agus na hEorpa. Tá 9 gcinn de leoraithe ag comhlucht Transmara Teoranta anois. "Artics" mhóra iad trí cinn acu sin. Tá chúig cinn eile de leoraithe acu atá 28 troigh ar fhaid agus tá feithicil eile acu a thugann iasc agus treallamh eile anonn agus anáil. Is fiú £165,000 an ceann iad na "Artics" agus is fiú £120,000 an ceann iad na leoraithe eile.

Tá cheithre dhuine dhéag ag obair ag an gcomhlucht. Is móran an t-athrú é in imeacht aon bhlain déag. "Ní raibh againn ach leorráit amháin nuair a thosaigh muid i mBealtaine na bliana 1988," a deir Risteárd Mac Donnchadha. "Bhí obair mhór ag baint leis ach tá muid sásta go bhfuil bonn an-láidir curtha faoin gcomhlucht anois."

Tá ceangal ar leith ag Transmara Teo. le I.S.P.G., an comhlucht margaochta agus diolacháin éisc in aice láthair i gCill Chiaráin. "Fágheann siadsan na margai-



Cuid de leoraithe Transmara Teo. i gCill Chiaráin.

## Rothaí Móra an tSaoil

le Máirtín Ó Catháin

agus tugann muide an t-iasc chun bealaigh," a deir Risteárd Mac Donnchadha. Tugann siad bradáin feilme as Cill Chiaráin, as Fárad i dtír Chonaill, as Acaill agus as An Neidín ar chósta Chiarráif go dtí na margáil. Ach bhonn pléigh ag Transmara Teo. le cineálacha eile éisc freisin. Seo sampla de chineálacha eile oibre atá ar siúl:

Cuan Bheantraí - Diúilicíní  
Fastnet - Diúilicíní  
Ros a'Mhíl - iasc ó Chomharchumann  
Iascairí na Gaillimhe agus Árann.  
An Cloigeann - Ribe Roibeáis  
Cathair na Mart - Sliogéisc

Tugtar an t-iasc sin chomh fada ó bhaile leis an Iodáil, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhraing agus Áiteacha eile.

Bíonn ábhair eile ar bord ag na leoraithe ag teacht ar ais go hÉirinn.

"D'fhéadfadh sé go mbeadh ualach scíniú againn ag teacht go Corcaigh, ualach fataí go dtí an Tulach Mhór nó óráistí go Baile Átha Cliath," a deir Risteárd Mac Donnchadha. As Conamara iad an chuid is mó de na hoibrithe atá ag Transmara Teo. Tá dualgaisí móra ag baint leis an obair. Tá an obair theangmhála agus riarrachán, atá a déanamh san oifig i gCill Chiaráin, casta go maith. Tá cursaí ar na bóithre sách achrannach freisin. "Cuimhnigh go bhfuil muid ag dul thír chuid mhaith tortha agus a bhfuil a gcuid rialach féin acu uilig. Cur i gcás, an Fhraing - caithfidh tú "bulb" eile de chuire chineál atá ar an leoráit a bheith ar bord agat, ar fhaitsí go gclisfeadh ceann ar bith de na soilse. Sin é líu na Fraince."

Ach, ní san Eoraip amháin atá an brú. Téann cuid den iasc ar mhargadh Bhaile Átha Cliath agus bionn pointeáilteacht mhór ag teastáil ansin. "Bíonn an t-iasc sin sna hOllmhargáí sa gcaithair ag an 7 ar maidin," a deir Risteárd Mac Donnchadha. "Dá réir sin, caithfidh muide a bheith i mBaile Átha Cliath leis ag an 4, an mhaidin sin."

An bhfuil deacrachaí ag baint le Cill Chiaráin mar ionad do sheirbhís iompair mar seo...nach mbainfeadh le háiteacha eile sa tir? "Bhuel, is mí-bhuntáiste é nach bhfuil na bóithre sách maith in iarthar na hÉireann," a deir Risteárd Mac Donnchadha, "ach, thairis sin, tá an áit seo chomh maith le áit ar bith eile sa tir le haghaidh an ghnó seo. Tá na deiseanna cumarsáide agaíne anseo chomh maith céanna le háit ar bith eile."



Cuid d'fhoireann Transmara Teo. in éineacht le Risteárd Mac Donnchadha. Ó chlé - Réamann Mac Donnchadha (mac le Risteárd), Risteárd Mac Donnchadha, Máirtín Ó Cuírrin, Mickey Donnelly as an Omáigh, Antaine Ó Máille as Doire Iorrais, Tomás Ó Cualáin as an gCeathrú Rua agus Pete McKewen as Ros a'Mhíl.

# COMHARCHUMANN CHONAMARA THIAR TEO.

(Faoi scáth Údarás na Gaeltachta, cúnamh d'fhorbairt sa nGaeltacht)

## CUSPÓIRÍ AN CHOMHARCHUMAINN:

- Riarachán ar mhaoin na Scarshealbhóirí •
- Stór an Fheilméara & Siopa an Phobail •
- Riarachán ar mhaoin Pobail agus Scéimeanna Fostaíochta Pobail •
- Riarachán ar iarratas ar dheontais chun feabhas agus forbairt sa bpobal •
- Riarachán ar choiste Co-Pháirtíochta Forbartha Pobail chun leas na Gaeilge, na Gaeltachta agus an Phobail •

Le chéile agus ar son a chéile is fearr muid!

Oifig Chill Chiaráin -

(Ceann Áras): (095) 33436

Bainisteoir: Criostóir

Breathnach;

Riarthóir: Máire Uí larnáin.

Fó-Oifig:

(091) 574341

Rúnaí: Áine Uí Mhainín.

Fó-Oifig, Cárná:

(095) 32587

Rúnaí: Áine-Marie Ni Fhlatharta.

Beannachtaí na Nollag agus na Mílaoise Nua  
ar gach duine i gceantar Chonamara Thiar ó Chamus go Caiseal.



AUTO  
TYRE  
CENTRE

Camus, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Úsáid á bhaint as  
treallamh nua na mílaoise:

- Computer Wheel Balancer
- Pneumatic Electric Tyre Changer
- Laser Four Wheel Alignment
- Caster & Camber

Fáigh do charr in ord i gcóir teist N.C.T.  
a bheas riachtanach sa mbliain 2000

Cuir glaoch ar: (091) 574197  
Mobile (087) 2871658

... Seirbhís nua do Chonamara



DIOPLÓMA

Ag ócaid bhrionta Dioplómai i gcúrsai Staidéir na mBan in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh i mbliana. Ó chlé – Brid Nic Táibhís Mhic an Iomaire as Carna, Helen Gleeson, Cathy Seoige as an Sraith Salach agus Dolores Ní Niadh as an Leitheanchach, an Caiseal.

# Taighde Mara Teo.

Taighde & Forbairt Saothrú Mara  
Maricultural Research & Development



Cárna, Co. na Gaillimhe.  
Fón: 095-32225. Facs: 095-32300

Má tá tú ag iarraidh tionsnaimh feilméireachta mara a thosnú,  
beidh muid sásta comhairle a chur ort.

# Conradh na Gaeilge

Cláraigh le  
Conradh na Gaeilge  
agus glac páirt inár gcuid oibre  
ar son na Gaeilge

*Conradh na Gaeilge  
6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.  
Fón: (01) 4757401*



## Taibhdhearc na Gaillimhe

Amharclann Náisiúnta na Gaeilge Teo.

- 180 Suiochán • Seó Samhraidh •
- Áiseanna Cleachtaidh • Seirbhísí Riaracháin •

### DRÁMAÍOCHT DO GACH DHUINE!

Má tá aon eolas uait faoi imeachtaí nó áiseanna na Taibhdheارca,  
faigh i dteangbháil linn nó buail isteach:

Taibhdhearc na Gaillimhe,  
An tSráid Láir, Gaillimh.

Teil: (091) 562024 (oifig); 563600 (1-6 áirithint); Faics: (091) 563195



Ceapadh Tomás Ó Nídh, as Glinn Chatha i Rosmuc ó dhúchas, ina Phríomhoide ar Phobalscoil Mhic Dara i gCarna i mbliana. Tugann sé léargas san alt seo ar na haidhmeanna atá aige ina phost nua.

# SCOIL PHOBAIL MHIC DARA

## sa Mhílaois nua

Is dócha gur maith an t-am é agus muid ag sleamhnu isteach sa Mhílaois, stíl a chaitheamh orainn féin mar scoil, agus ár n-aidhmeanna mar Scoil Phobail a bhréacadh sios.

Ba mhílaois linn go mbeadh an scoil mar ionad oideachais pobail, a chuirfeadh ar fáil oideachas acadúil agus nua-theicneolaíochta den chéad scoth, do scoláirí an cheantair seo agus ba mhaith linn go mbeadh muid innan freastal ar riachtanaisí Oideachais agus traenála an phobail i gcoitinne.

Siad ár scoláirí an dream is tabhactaí agus is luachmaire atá againn i Scoil Phobail Mhic Dara. Caithfidh muid díriú go h-uile agus go h-ionlán ar an dream óg seo agus gach tacaíocht agus cúnnamh a thabhairt dóibh le h-iad a réiteach do ré dúshlánoch na Mílaoise. Ní féidir leis an scoil an réiteach seo a dhéanamh go h-éifeachtach léi fhéin. Siad na tuismitheoirí na h-oideachasóirí is cumhactaí i saol a gelainne. Is uaidh na tuismitheoirí sin a thagann an saibhreas is mó. Mar sin, ní fhéadfadh muid beart níos fearr a dhéanamh, ná páirtíocht iomlán a chothú idir múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí. Bunaithe ar an bpáirtíocht seo a bheas an scoláire innan barr a chuid maithseas a bhaint amach.

Tá moltaí agus tuairimí láidir ag os óg an lae inniu – ní mór ardán a thabhairt dhóibh lena gcuidean tuairimí agus deacrachtá a noctú agus cinneadh neamhspleách daonlathach a dhéanamh. Ar an mbun sin, beidh Comhairle na Scoláirí á bhunú againn

go gairid leis an deis sin a thabhairt do scoláirí.

Tá stíl againn go mbeidh Scoil Phobail Mhic Dara ábalta freastal ar riachtanaisí uile an duine óig. Ba mhaith linn gur scoil gheannáil atá

againn a thugann aire agus cúram dárlaí, go n-aireoidh siad sábháilte agus sona sa scoil agus go bhfeicfidh siad go gcaithfear go "fearáilte" le cothrom na féinne le gach scoláire agus le gach tuismitheoir.

Sé ár n-aidhim ná an duine óg a ullmhú don saol mór ar gach bealach. Faraor! ní féidir dearmad a dhéanamh ar rása na bpoinntí arda. Ag an am céanna caithfidh muid féin-mheas, féin stuaim agus neamhspleáchas a chothú inár scoláirí.

Tá muid ag iarráidh dlúth-cheangal a chothú idir muid fhéin, tuismitheoirí agus an pobal. Níl aon aimhreas orainn nach bhfuil stór eolais chultúrtha agus oideachais amuigh sa bpobal a rachadh chun tairbhe dùinn uilig ach an deis a bheith againn é sin a roinnt le chéile.

Mar fhocal scoir – ba mhaith liom a rá go mbeidh céad míle fáilte anseo i Scoil Phobail Mhic Dara roimhse a thuismitheoirí agus go h-áirithe roimhse, ár n-iarr-scoláirí.

Seolaim chugaibh beannachtaí na Nollag – agus go raibh gach rath oraibh sa Mhílaois úr.



Rang na hArd Teistiméireachta – 1999

Rang na hArd Teistiméireachta i bPobalscoil Charna, 1999.

Chun tosaigh, ó chlé: Pólín Ní Cheannabháin, Sorcha de Búrca, Mairéad Ní Chualáin, Carol Ní Chualáin.

An dara líne, ó chlé – Caitlín Ní Chualáin, Suzanne de Búrca, Róisín Ní Loideáin, Áine Marie Ní Chathasaigh, Níorín Bheathnach.

An tríú líne, ó chlé – Seán Ó Cualáin, Marcus Ó Cathasaigh, Beartla Ó Cathasaigh, Áine Marie Ní Chathasaigh, Laura Ní Chlochartaigh.

Ar geil, ó chlé – Val Ó Feinidhe, Seán Ó Guairim, Seán Pól Ó Féinidhe, Áine Ní Cheoimín agus Aisling Ní Loideáin.


# Coiste Naomh Uinsionn de Pól Scoil Phobail Mhic Dara atá ag eagrú Cóisir na Nollag do Sheanóirí an Phobail



4ú bl. Callíní. Líne tosaigh, ó chlé: Joanne Ni Fhlátharta, Máire M. Ni Chathasaigh, Caitríona Ni Chualáin, Bernadette Ni Dhonncha, Eilís Ni Cheannabhán, Erin Ni Chathasaigh, Áine Ni Choirbín, Stephanie Ni Dhúbhda, Deirdre Ni Chatháin.

Líne láir, ó chlé: Bairbre Ni Dhonnacha, Sinéad Nic an Ríogh, Caitríona Ni Mhaolchiaráin, Máirín Ni Mhaolchiaráin, Sorcha Ni Mhaoláin, Aoife Ni Ghaora, Eibhlís Ni Chualáin.

Líne cúil, ó chlé: Bairbre Ni Chathasaigh, Áine Ni Mhainnín, Wilma Ni Bhoulguldhir, Irene Ni Chuinneagáin.



4ú bl. Buachaillí. Líne tosaigh, ó chlé: Seosamh Ó Malóid, Colm Ó Dubháin, Cónall Ó Conaola, Pádraic Ó Guairim, Pádraic Ó Cathasaigh, Brian Ó Currín, Pól Ó Ceannabhán, Éamon Doorley.

Líne cúil, ó chlé: Caoimhín Ó Loideáin, Máirtín Ó Maoilchiaráin, Darren Mac Craith, Gary Mac an Iomaire, Gearóid Seoige, Brian Ó Domhnall, Micheál Ó Ceannabhán.



RANG 1A

Líne tosaigh, ó chlé: Róisín Ní Chualáin, Róisín Ní Chatháin, Bairbre Ní Mhaoilchiaráin, Fiona Ní Fhallúin, Deirdre Ní Dhonnacha, Nessa Ní Chuaiig, Máirín Ní Chonaola, Máire Ní Ghuaírim, Hannah Gleave.  
Líne láir, ó chlé: Christina Ní Cheannabháin, Tomás Ó Caonáigh, Seán Ó Loideáin, Breandán Ó Dubháin, Rebecca Taqi, Irene Bheathnach, Seán Ó Maoilchiaráin, Micheál Ó Ceannabháin.  
Líne cíul, ó chlé: Pádraic Ó Coirbin, Fergal Mac Domhucha, Seán Breathnach.

## SCOIL PHOBAIL MHIC DARA



RANG 1B

Líne tosaigh, ó chlé: Róisín Ní Churrín, Aingeal Ní Mháille, Siobhán Ní Éignigh, Tara Ní Chathasaigh, Orla Ní Flannichadhá, Máire Ní Chuaiig, Máire Áine Ní Dhonnacha, Irene Ní Chualáin, Bróna Ní Chuinneáin, Sorcha Nic an Iomaire.  
Líne cíul, ó chlé: Colm Mac an Iomaire, Pádraic Ó Droighnéanáin, Séamus Ó Flátharta, Seosainn Ó Cathasaigh, Micheál Ó Loideáin, Micheál Ó Máille, Liam de Búrca.

# CUIMHNÍ CINN



Cuimhní cinn nach scarfaidh leo go brách – gasúir scoile Mhuighrois agus Corn Sam Mhic Uidhir i ndeire na bliana, 1998.

Chun tosaigh, ó chlé: Colm Ó Catháin, Gráinne Ní Chatháin, Siófán Ó Caodhna, Colm Ó Curraoin, Séamus Mac Domhachadh, Colm Ó Ceoínín, Conal Ó Caodhna, Hanna Ac' Gleeve, Nórá Ní Cheoinín, Bróna Ní Chuinneáin agus Seán Ó Conghaile.

Líne Cúil, ó chlé: Cáit Ní Churraoin, Seán Ó Catháin, Micheál Ó Domhnalláin (Peileadóir na Gaillimhe), Nuala Ní Ghuairim, Emma Platt, Sorcha Ní Churraoin, Macdara Ó Loideáin (Príomh Oide na Scoile), Bairbre Bean Uí Ghuairim (Múinteoir), Seosamh Ó Cathasaigh, Tomás Ó Caodhna, Máire Ní Ghuairim agus Micheál Ó Clochartaigh (Ball de phainéal peile na Gaillimhe).

## T. Ó MÁILLE TEO.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-574101

- Earraí Grósaera •
- Crua-Earraí, Éadach •
- Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

# Toghcháin na Blíana seo

Bhí Toghchán Comhairle  
Contae agus Toghchán  
d'Údarás na Gaeltachta againn  
i mbliana.

Ar an 9ú Meitheamh a bhí  
Toghchán na Comhairle Contae  
ann. Bhí toghcheantar nua  
againn. Bhí chuile áit taobh  
thiar den Choirb istigh in aon  
toghcheantar amháin agus bhí  
seacht gcinn de shuíocháin le  
lónadh.

Mar seo a caitheadh na  
bhótaí sna hionaid bhótála sa  
bparóiste seo ...agus sna  
ceantair is goire dúinn de réir  
"Tallies".

IARRTHÓIR	PÁIRTÍ	LOCH CON AORTHA	AIRD MHÓIR	CARNA THIAR	AIRD	TUAR BEAG
Pól Ó Foighil	F.G.	4	9	4	6	24
Josie Conneely	F.F.	7	7	15	27	9
Tomás Ó Curraoin	S.F Pob.	0	12	3	5	7
Séamus Gavin	N.S.	1	1	0	0	4
J.J. Mannion	F.G.	3	7	10	9	1
Éamon McLoughlin	N.S.	0	1	1	7	0
Éamon Mylotte	F.G.	11	49	73	84	4
Eithne Nic Dhonnchadha	F.F.	57	114	43	23	29
Connie Ní Fhátharta	F.F.	7	15	33	12	24
Pearse O'Malley	F.F.	3	2	1	8	5
Seán Ó Neachtain	F.F.	0	2	2	3	2
Paul Stewart	F.G.	0	0	0	0	0
Séamus Walsh	N.S.	2	2	1	0	2
Tom Welby	N.S.	3	1	2	1	11

Ar an 4ú lá de mhí na Nollag a bhí an toghchán d'Údarás na Gaeltachta ann. Mar seo a caitheadh  
na bhótaí i mbascaí an pharóiste seo agus sna ceantair is goire dúinn.

Iarrthóir	Páirtí	Loch Con Aortha	Aird Mhór	Carna	Aird Thiar	Turlach Beag	Caiseal
Pól Ó Foighil	F.G.	4	5	2	4	4	4
Seán Creaven	P.D.	0	1	0	0	0	0
Seosamh Ó Cuaig	N.S.	77	141	85	65	97	12
Tomás Ó Curraoin	S.F. Pobl.	0	3	0	1	1	0
Jack Halliday	P.D.	0	0	0	0	0	0
Mossie Joyce	N.S.	0	2	1	1	1	2
Éamon Mylotte	F.G.	6	34	49	70	0	9
Eithne Nic Dhonnchadha	F.F.	31	65	18	22	12	4
Connie Ní Fhátharta	F.F.	5	1	9	6	9	8
Pádraig Ó Biadha	F.F.	2	7	0	3	26	7
Seán Ó Loingsigh	N.S.	0	0	2	3	0	1
Seán Ó Neachtain	F.F.	0	7	3	1	1	1
Seán Ó Tuairisg	F.F.	1	2	2	0	10	5
Caroline Uí Ráinne	F.G.	0	0	1	1	0	1

Seo iad na dream a bhuaigh na suíocháin: Seán Ó Tuairisg, Seosamh Ó Cuaig, Seán Ó Neachtain, Pól Ó Foighil,  
Connie Ní Fhátharta agus Pádraic Ó Biadha. San ord sin a toghadh iad.

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Cárna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna

Díonta • Ballaí

Pluiméireacht • Pláistéireacht

Sreangú & Obair Adhmaid

*Cuireann muid seirbhís  
ar fáil ar fud Chonamara*

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

Glaoigh orainn ag:

Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532  
Mobile Fón: 087-2249498

"MEMBER OF CONSTRUCTION INDUSTRY FEDERATION"

C.I.S.

"MEMBER OF HOME BOUND"



**GRADAM** – Bhí an ócáid seo i gCape Cod i mí na Bealtaine seo caite nuair a bhronn Cumann na gCeardchumann Tógála uilig i Massachusetts a nGradaim blhiantúla ar an bhFeisire Párliminte, Marty Walsh.

Ó chlé: Martin Walsh, Ceannasaí Cheardchumann na nOibríthe Tóigála (mac Phat Walsh); John Walsh (athair an Fheisire Párliminte) agus deartháir do Phat Walsh; Pat Walsh; an Feisire Párliminte Marty Walsh agus John Walsh (deartháir an Fheisire Párliminte).

# 50 Bliain sna Státaí

## *Pat Walsh faoi bhláth i gcónai*

Stopann sé a charr go léim. Fógraíonn sé ar an mbuíón daoine óga atá amuigh ag ceanbhásáil don Pháirtí Poblachtánach. Tá sé ina shárú. Níl aon chion ag Pat Walsh ar na Poblachtánaigh. Cúpla nóiméad spallaíochta sul a dtéann sé síos go Castle Island – áit a dtagann comhluadar Éireannach in éindí chuile lá. Tugann siad "The Irish Riveria" ar an áit seo i mBoston. Bruach na mara, Aerphort Logan taobh thoir díot, Calaphort Bhoston buailte ort. Tagann Pat amach as an gcarr, fuadar faoina choisméig. Tá aithne ag bunáite chuile dhuine air. Caoga bliain ó shin i mbliana a tháinig sé go Meiriceá – mí an Aibreáin, 1949.

Pádraig Mháirtín Tom - fear óg as Caladh Fhidhinse ag tabhairt a aghaidh ar an Atlantach. In imeacht na mblianta, tá cál bainte amach ag Pat i Massachusetts.

Tháinig sé i gceannas ar Cheardchumann na nOibríthe Tógála i mBoston – fear an Union.

Ní hionann, go barainneach, é an leagan amach atá ar an gCeardchumann i Meiriceá agus atá anseo. Sé an Ceardchumann, nó an Union, a chuirfidh na fir ar fáil don lucht tógála i Meiriceá. Sé an Union a thabharfaidh an post duйт.


In imeacht na mblianta, sa bpost sin, bhí Pat indhon na mílte fear a chur ar bhealach a leasa. Obair mhaith, airgead maith, scéimeanna cúram sláinte agus scéimeanna pinsin.

Post anróiteach a bhí ann. Pé ar bith  
bealach a ndeachaigh tú dó, bhí  
daoine ann nach raibh buioch díot.  
Bhí ort tacáocht na mball a fháil  
chuili thír bliana leis an bpost a  
choinneáil. Polaitíocht a bhí ann, an  
bhealaí go leor. Bhí Pat indhon na  
bhótaí a thabhairt leis i gcónai.

Bhí ceangal ag Pat le cuid de na daoine ba chumhacthaigh sa Stát. B'éisgean dó súil a choinneáil seasta ar chuile chor i gcúrsaí polaitiacha. D'fhéadfadh athruithe ar an dli stádas na n-oibríthe a chur i gcontúirt ....nó leas a dhéanamh. Chaithfí na fir a chur ag gníomhú roimh aimsir bhótála.

D'éirigh Pat as a phost seachta  
mblíana ó shin. Tá sé seacht mbliana  
déag agus trí fichidanois. Ach tugann  
sé láimh chúnta i gcúrsaí an Union i-  
gcónai. Agus ní díomhaoin a bhí sé ó  
d'fhág sé an post.

Toghdach Pat Walsh ina Mhéara ar cheantar Dorchester anuraidh. Comórtas a bhí ann le hairgead a bhailíú do chúrsáí carthannacha. Bhailigh Pat níos mó, é fein, ná an cúigear eile a bhí san iomaíocht. Sé Pat a bhí ina Mhaor ag Pharáid na Féile Pádraig i Dorchester i mbliana. Is cùis iontach sásamh dó anois go bhfuil a mhac, Martin Walsh, i gceannas ar Cheardchumann na nOibrithe Tógála i mBoston. Tá na dualgasí an-trom anois. Tá an t-uafas oibre sa gcaithair agus sa Stát. Bionn sé an-deacair ag an Union a ndóthain oibríthe a fháil.



*Pat Walsh (ar chlé) agus Johnny Seoige as Inis Bearrachain – Boston 1999.*

Is cúis mhór mórtais do Phat Walsh, agus do na Breithnáigh uilig, go bhfuil fear acu i bpáirlimint Stáit Massachusetts – sin é an Feisire Marty Walsh. Mac le John Mháirtín Tom é Marty. As Rosmuc í a mháthair, Máire Ní Mháille, roimh phósadh di.

Bhí baint an-mhór ag Pat Walsh leis na feachtas toghchánaíochta a bhí ag mac a dhearthára. Tá Pat ar dhuine de na daoine is mó a dtugann an

Feisire Marty Walsh aird air, nuair a bhíonn ceisteanna casta le réiteach aige.

An oíche ar toghadh Marty ina Fheisire Páirliminte do Massachusetts, ghlaogh a aintín aníos as Dallas i Texas. Sin í an tSiúr Mary Walsh. Labhair sí le Máire, sin í máthair an Fheisire Páirliminte. "Nach mór an t-athrú é ón uair ar fhág muid Carna agus Rosmuc", a deir sí go mórtasach.



*Dá thóigáil go réidh – Pat Walsh sa mbaile agus beirt de chlann iníon... a chlann iníon féin ... in éineacht leis.*

D'fhág na Breithnáigh uilig an baile, cé's moite de dhuine amháin. Sin í Peige, atá pósta ag Francis Mac an Rí san Aird Thoir.

Feiceann Pat an pictiúr i gcónai agus é ag spaisteoireacht anois ar Chastle Island. Caladh Fhiodhínse, Finis, lóras Aithneach uilig, curracháil, feamainn, portaigh. Lagann sé ar a chuid siúil agus é ag smaoineamh ar an saol sin. Labhraonn sé níos móille anois. Caoga bliain ....caoga bliain....

Ach i ndeire báire, níl aon amhras ar Phat ach gur thóg sé an cosán ceart i dtús a shaoil. "Dhéanfainn an rud ceannan céanna dá mbéinn ag tosnú arist. Seo í an tir is fearr ar dhoimh na cruinne".



*STATE HOUSE: Pat Walsh agus dealbh an Uachtaráin John Fitzgerald Kennedy, taobh thiar dó. Anseo atá an Feisire Marty Walsh ina Fheisire Páirliminte do Massachusetts.*

Sa State House seo a thosaigh an Uachtaráin Kennedy amach sa bpolaítiocht, an chéad lá ariamh. Sé an dealbh seo cuimhneachán oifigiúil Phárlaimint an Stáit ar an 35ú Uachtaráin ar Stáit Aontaithe Mheiriceá.

**J**ames B. **J**oyce & **C**ómh

\* Dlíodóirí \*

Teach an Údaráis  
gach maídin Dé hAoine  
ó 9.30 r.n. — 1.00 i.n.

Sa Chraonnág, Rosmuc  
Dé Céadaoin, 2.30 i.n. — 5.30 i.n.

Le haghaidh tuilleadh eolas glaoigh ar:  
(095) 21034/21705  
riomhphost: jamesbjoyce@ann.ie


# Ó Cuailán Teo.

Crumpán, Cárna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Fón: (095) 32263

❖ Le haghaidh Tolla, Blaisteáil & Réiteach Suímh ❖

# Raidió na Gaeltachta




Gach lá 0800 - 1930

92.94 agus 102.7 FM/VHF

Fón: 091-506677M

*Seo é an teach atá ag Tom Geary ar Oileán Máisean.*




*Eileanóir Ní Chuaig, Aill na Brún, agus ceannas aici ar an asal. Pictiúr nach bhfeictear go minic, ar na saolta seo.  
Tógaigh an pictiúr seo ar bhóthar Ghlinnisge anuraidh.*




*Fear an phosta i gCill Chiaráin, Con Hynes  
agus agus a iníon Gráinne, ar an Suzuki.*

Mamie Holsworth, ar chlé - as Scana Phéistín ó dhuchas – agus Eileanóir Ní Churaig as Aill na Brúin ag déanamh an turais ag Tobair Muire i Ruisín na Mainioch.

I Yorkshire atá cónai ar Mhamie Holsworth le cuid mhaith blianta.



*Macdara Ó Cuinneáin as Leitir Ard agus é ag tabhairt iara mhaith faoin bpoll seo!*



*"Mná na Gréine" – Máire Ní Féinidh as Leitir Deiscirt agus Marion Ní Shúilleabáin ó Raidió na Gaeltachta i Malta i mbliana.*

Tá stádas ard sa nGarda Síochána fáigthe ag beirt as an bparóiste seo i 1999. Sin iad Dónal Ó Cualáin as sráidbhaille Charna agus Máirtín Ó Laoi as Doire Iorrais. Tá céim Ceannfoirt bainte amach ag an mbeirt acu agus iad i mbun dualgais i gContae Mhaigh Eo agus i gContae Dhún na nGall. Sé Máirtín Ó Laoi an Ceannfort i gClár Chlainne Mhuiris agus sé Dónal Ó Cualáin an Ceannfort sna Gleanntaí i nDún na nGall.

• An Ceannfort Gárda Dónal Ó Cualáin as baile Charna.

- 1983.....Faoi oiliúint i gColáiste na nGárdai. • 1984 – 1986 ....Stáisiún Domhnach Broc i mBaile Átha Cliath. • 1986 – 1988 ....Bleachtaire Gárda sa mBiuró Teicitiúil, Baile Átha Cliath. • 1988 - 1993.....I bhfeighil Rannóna na Gaeilge i gColáiste na nGárdai. • 1990 .....Ardú céime go Sáirsint.
- 1993 .....Sáirsint i gCill Rónáin in Inis Mór. • 1993 –1994 .....Ar Diúitíte sa Scoil In-seirbhísé i Sráid an Mhuilinn i nGaillimh. • 1994.....Cigire. Béal Átha Seannaigh i nDún na nGall. • 1994 – 1996.....Rannóg Forbartha Eagrás, Ceanncheathrú na nGárdai i mBaile Átha Cliath.
- 1996 - 1999 .... In Oifig Réigiúnach na nGárdai don larthar i Sráid an Mhuilinn i nGaillimh. • 1999 ..... Ceannfort – na Gleanntaí, Contae Dhún na nGall.



• An Ceannfort Gárda Máirtín Ó Laoi as Doire Iorrais.

- 1968 ..... Faoi oiliúint i gColáiste na nGárdai.
- 1969 – 1978 ....Gárda i Sráid Mhic Ghiobúin i mBaile Átha Cliath.
- 1978 – 1980 .... Sáirsint i mBun Crannacha i nDún na nGall.
- 1980 – 1992.... Sáirsint i Stáisiún na Smachtlainne i mBaile Átha Cliath.
- 1992 – 1999.... Cigire i Sráid an Mhuilinn agus i mBóthar na Trá i nGaillimh.
- 1999..... Ceannfort i gClár Chlainne Mhuiris i gContae Mhaigh Eo.




## *Ceangail dbeire an Chéid i gCarna agus i gCill Chiaráin.*

Caitríona Ní Choibrín as Carna  
agus

Anthony Sheridan as Dúin na nGall  
..... 23/10/1999.

Caitríona Ní Mhadaoin as Cill Chiaráin  
agus


Richard McNamara as Uachtar Ard  
..... 14/8/1999.



Conchita Ní Choibrín as an Leath Mháis  
agus  
Aodhán Ó Ruanaigh  
..... 21/8/1999.




Gearóid Ó hÉilf as Carna  
agus  
Siobhán Haverty as Clonbeirne  
..... 7/8/1999.




Caitlin Ní Mhaolchiaráin as (Caladh Fhidhlinse)  
agus

Niall Doorhy as Uachtar Ard  
..... 17/7/1999.

*Marie Ní Loideáin as Carna  
agus  
Dermot Leavy as an Aird Mhóir ..... 6/5/1999.*



*Sarah Seoige as Glinnse  
agus  
Colm Ó Clochartaigh as Muigh Inis  
..... 28/8/1999.*



## Moltóir

Tomás Ó Caodhma as Gabhla, ar chlé, duine de na Moltóir ag Seó Chapaillíní Chonamara i mbliana. Sa bpictiúr seo, tá Uachtaráin Chumann Chapaillíní Chonamara, John Luskin ag bronnadh gradaim ar Thomas. Tá duaiscanna go leor buaichte ag caiple Thomáis fén ag Seó Chapaillíní Chonamara agus ag Seóanna eile.



Craobh Sheó Chapaillíní Chonamara ag capall Chaladh bhFuinne ar áist


Sí Láir Bhobby Bolger, Queen Gillian a bhuaigh Craobh an tSeó ag Seó Chapaillíní, den dara bliain as a chéile. Capall de mhianach Chaladh bhFuinne i Queen Gillian agus is ansin a ceannafodh í ina searradh.



## An Méara!

Páráid na Féile Pádraig i Dorchester i mBoston. Seo é Méara an cheantair, Pat Walsh as Caladh bhFuinne agus é chun tosaigh sa bPáráid. Bhuaigh Pat Comórtas an Mhéra a nuaí a bhailigh sé i bhfad níos mó ná aon nduine eile do chúrsaí pobail agus carthanachta.








*Pat Walsh.*


**Máire Ní Mhaolchiarán (Máire Mhichael Choilm)** - as Ruisín ná Mainistíoch ó dhúchas - agus Cuimín Zanuti as Boston. Sé Cuimín mac Mháire Ní Neachtain as an Aird Mhór. Tá ainm a athar móra, Cuimín, baistithe air. Is de bhunú na Polainne é a athair.

**Seosamh Mac an Rí** as an Aird Thóir agus a chara, Lisa, ag ócadáid i mBoston sa bhFómhar seo caite.



**Máire Ó Siadhail** (Máire Ní Mháille as Rosmuc ó dhúchas) ar chlé agus **Máire Ó Domhnaill** as Láir Ará, ar dheis, taobh amuigh den State House i mBoston i mí na Bealtaine seo caite.

*Sí Máire Ó Siadhail, Máthair an Phoibhlimate, Marty Walsh.*



**Máire Ó Siadhail** as Leitir Ard taobh amuigh den State House i mBoston le linn di a bheith ar cuairt ansin i mí na Bealtaine seo caite.

*Béal*

Máire Geohegan-Quinn, nuair a bhí sí ina hAire. Tógadh an pictiúr seo ag ócáid cheiliúrtha 21 bliain Raidió na Gaeltachta.



Joe McDonagh - Uachtaráin  
Chumann Luth Chleas Gael.

### Cumhacht Mhór ag muintir Charra

Tá péire de na postanna is cumhachtlaigh dá blífuil ag muintir na hÉireann anois ag beirt, ar de bhunú Charra iad.

Sin iad Joe McDonagh, Uachtaráin Chumann Luth Chleas Gael agus Máire Geoghegan-Quinn, ball de Chúirt na nIúchóirí san Eoraip.

Is as an Aird Thiar é athair Joe McDonagh – sin é Maitais Joe Phatcheen. Beidh Joe ag críochnú a théarma mar Uachtaráin ar an gCumann Luth Chleas Gael san Aibreán seo chugainn. Tá obair an-mhór déanta aige le linn a thréimhse agus tá níos mó daonu ná ariantach cheanna ag freastal ar na cluichí Gaelacha.

I gCarna a rugadh agus a tógadh Máire Geoghegan-Quinn.

Ceapadh i mbliana i ná Ball de Chúirt na nIúchóirí san Eoraip. I Lucsamburg a bheas sí lonnaithe. Beidh sí ag tosnú i mí Feabhra seo chugainn. Beidh tuairim's £140,000 tuarastail aici sa mbliain. Go n-éiri leí.

An ócáid ar  
beannaitheodh an chloch  
chuimhneacháin seo in  
omós do Joe Éinniu i  
reilg Mhuighrois.  
Dara Bán ar chlé.  
Johnney Joe Phaitsín ar  
dheis.



Dhá shúil  
Dhá chluais  
Dhá láimh  
Dhá chois...


Dhá theanga  
Gan amhras!



Údarás na Gaeltachta



*Deirfiúr do Phat Walsh ...Katey... ag ócaid don Fheisire Páirliminte i mBoston sa bhFómhar.*



*Pat Walsh agus Máirtín Ó Catháin in oifig an Fheisire Páirliminte, Marty Walsh, sa State House i mBoston.*

# Gaelic Seafoods Ireland

PRODUCERS OF THE FINEST  
ATLANTIC SALMON

IONAID OIBRE

Leitir Ard, san Aird agus i Tully Mountain

Ag tacú leis an gceantar agus ag seasamh leis an  
gceantar

*Comhghairdeachas leis an gcoiste  
agus guímíd gach deá-rath ar a gcuid oibre*



## CÓISIR

Bhí na daoine óga ag réiteach; bhí daoine eile ag ithe; bhí daoine eile ag ceol agus bhí Johnney Mháirtín Learáí ag gabháil fhoinn!

Pictiúir ó Chóisir na Nollag anuraidh.






# Muintir Chill Chiaráin

Seo roinnt pictiúr as ceantar Chill Chiaráin, a bhformhór tógha roinnt mhaith blianta ó shin.



Kate Ní Chlochartaigh (1868 – 1947) a bhí pósta ag Pádraig Ó hUaithnín, an bádóir as Muigh Inis. Bhí ceathair clainne acu – Kathleen, Paddy, Johney agus Darby. Bhí Kathleen Greene pósta le Peadar Ó Laoi as Áillí na Brún. Bhí deartháir ag Máire Ní Chlochartaigh – Dudley – agus iníon leis sin ba ea Kate, a bhí pósta le Teddy McCauley as Uachtar Ard. Ba col ceatharacha mar sin iad Kate agus Kathleen Greene.



Eileen Ni Chuaig, ar chlé (bean Tom Clancy) agus Nancy Ni Chuaig, ar dheis, (nach maireann). Tógaigh an pictiúr seo tuairimí's 80 bliain ó shin.



Grúpa gasúr i gCill Chiaráin. Ó chlé: Con Hynes as Áill na Brún – fear an phosta; Caitríona Ni Fhlannchadha atá sa Nua Shéalaínn anois; Chris Hynes atá i nDoire lorraí; Regina Nic Fhlannchadha atá in Inis Bófinne anois; Julie Hynes agus Seosamh Ó Cuaig as Áill na Brún. Sé Micheál Ó Cuag as Áill na Brún atá chun tosaigh.

# FÁS

• AG CUR OILIÚNA AR OIBRÍTHE AN IARTHAIR •

Cuireann FÁS a mbeannachtaí ag ár n-oibríthe  
uilig  
ar fud phobail an iarthair.

Má tá aon cheist agat faoi chúrsaí oliúna,  
cur ceist orainn.

FÁS – Cearnóg na hArdeaglaise, Gaillimh.

Teileafón : 091-534400  
Faics : 091-562718

Nollaig shona  
agus go n-éirí an bhliain nua libh uilig



Seo i Kathleen Greene a bhí pósta ag Peadar Ó Laoi. Tógaadh an pictiúr sna seachtoidí.



Peadar Ó Laoi as Áill na Brún, ar chlé agus Teddy McGauley as Cill Chiaráin, ar dheis. Tógaadh an pictiúr seo i 1975.



*Tom Clancy, an comhairleoir talamhiaoche. Tógadh an pictíúr seo ar Inis Turbaird, an áit arbh as Tom, nuair a bhí sé fiche bliain d'aois.*



# SEÁN CASEY

Concretaíal • Clocha • Clocha le haghaidh obair thógála

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.


Fón: 095-33579

Fón póca: 087-2714648




# FONNADÓIR AS CILL CHIARÁIN

## The Emigrants



Dublin's Martin Whelan is the consummate balladeer and crowd pleaser. As well as being the "front man," Martin also plays bodhran and harmonica.



Steve Buckner is a native of Rochester, New York. A former music teacher, Steve's vocal arrangements, keyboard embellishments and backup are the perfect complement to the sound of the Emigrants.

The strong celtic traditional influences of Syracuse native Bill Fleming have guided the group's direction since it was formed. Besides being the lead and rhythm guitarist, he also plays fiddle and mandolin.

Brian Clancy sings many of the group's featured Gaelic songs as he learned them in his native Irish-speaking Connemara. Brian also plays the five-string banjo, flute and whistles.



Connoisseurs of Irish music in the North East US will already be familiar with the music and sound of the Emigrants, mostly because the group has performed in pubs, club circuits, concerts and festivals in this area for over two decades. The Emigrants entertain fans and audiences with compelling and passionate interpretations of songs of love, freedom and humour, all punctuated with wonderfully harmonizing vocals. Additionally, the group's lively and inventive and arrangements of traditional dance music promote an infectious foot stomping and free spirited experience.

For information and bookings  
Tel: 716 - 234 7081  
Fax: 716 - 388 1570  
E-mail: SBuc50413@AOL.COM  
[www.dynrec.com/emigrants](http://www.dynrec.com/emigrants)

Fonnadóir agus ceoltóir – Brian Mac Fhlannchadha as Cill Chiaráin a chasann leis an mBanna Ceoil, "The Emigrants" i Meiriceá, le roinnt mhaith blianta.

Logainm nua ar  
léarscáil na linne...

[www.bnag.ie](http://www.bnag.ie)

...your link to the language

**Bord na Gaeilge**

1850 325 325  
[eolas@bnag.ie](mailto:eolas@bnag.ie)

# "Go Sábhála Tú mé ar Muir is ar Tír"

le Seosamh Mac Con Rí

Taréis an Ghorta Mhóir (1845-1848) chuir Rialtas Shasana scéim imirce ar fáil do dhaoine as ceantracha bochta san Iarthar ar tugadh an Free Emigration, nó Saor Imirce, air. De réir na scéime seo - ach blianta difriúla - chuaigh beirt fhear as a' Más, Séamus Bolstroin agus Tomás Ó Uaithnín (nó Tomás Mhicil Liam) anonn ar a' mbád seoil go Meiriceá. Go bhfóire Dia orainn, ba bhriseadh croí do Shéamus Bolstroin an turas. Bhí a iníon, cailín 15 bhliana, aige in éineacht leis; fuair sé fiabhras, cailleadh í agus b'éigin an corp a chaitheamh i bhfarraige. B'uafásach an iara í. Ní raibh Séamus baileach an dá scór ag an am seo.

Níorbh fhada thall é go ndeacailgh sé a' saighdiúracht le arm an Tuaiscirt - arm an Union, a raibh Ulysses Grant mar cheannaire air. Blianta roimhe sin a chuaigh Tomás Mhicil Liam anonn. Bhí sé roinnt blianta níos sine ná Séamus.

Péir bith cén bealach ar thárla sé, ba isteach in arm an Deiscirt, nó na Confederates, faoi cheannasaíocht Robert E. Lee a chuaigh seisean. Cogadh fiocmháir, fulitech a bhí ann, ach an oiread le gach cogadh. Tá sé curtha síos gur maraíodh suas le 800,000 fear le linn na troda ach, dar fia! d'éirigh le beirt fhear a' Mhásá na cosa a thabhairt leo agus a mbealach a dhéanamh abhaile - agus scéal níos scéalta len' inseachta acab. Bhí poinntí go leor faoi'n gCogadh le socrú sul a dtosófaí ar na scéalta! Chuala mé Pádraic Joe Pheatsín ag rá gur chuala sé féin ón sean-dream nach raibh lá a dtagadh Tomás Mhicil Liam anuas 'un céibhe nach mbiodh Séamus Bolstroin amuigh roimhe agus thosaíodh an dhiospóireacht faoi ghnéithe den Chogadh, agus lean sé sin ar feadh blianta. Caithfidh mé an

leabhar sin "Gone With the Wind" a léamh arist go bhfeicfidh mé an piosa atá inti faoi bheirt fhear a' Mhásá!

Timpeall an ama a raibh an bheirt fhear seo a' pléascadh lena chéile thiart sna Carolinas bhí beirt fhear ar an Aird Thoir a' déanamh éacht seoltóireachta atá ionann is dochreidte lá an lae inniu. Ba le Stiofán Hughie Ó Ceannabháin an

*B'iontach an mianach agus an miotal agus an mheabhair chinn a bhí sna daoine a chuaigh romhainn...agus triáileadh leo é.*

